Intreo | Partner

Seirbhísí Fostaíochta
Seirbhísí Fostaíochta

An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta (NES)

Fáilte chuig an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta (NES)

Tabharfaidh an cur i láthair seo a leanas léargas maith duit ar an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta (NES). Tagann an chéad chuid ó Intreo, agus ina dhiaidh sin tá roinnt faisnéise breise ó do Sholáthraí Seirbhíse Comhpháirtí Intreo, Seetec.

Tá ár seirbhís curtha in oiriúint do do chuid riachtanas agus tacóidh sé leat ar do thuras roghnaithe chuig fostaíocht lánaimseartha.

Faoi Seetec

Is cuideachta faoi úinéireacht fostaithe é Seetec. In éineacht lenár gcomhpháirtithe tá seirbhísí infhostaitheachta agus oiliúna á seachadadh againn in Éirinn ó 2015 i leith. Táimid paiseanta faoi oibriú inár bpobail agus cabhrú le saol ár gcliant a fheabhsú trí fhostaíocht inbhuanaithe.

Intreo: Réamhrá don tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta

Fáilte

- Fáilte chuig an tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta Comhpháirtí Intreo
- Is seirbhís í SNF a chuirtear ar fáil faoi chonradh don Roinn Coimirce Sóisialaí
- Mar chuardaitheoir poist, ag fáil íocaíocht Cuardaitheora Poist ó Intreo, atreoraíodh thú chuig an tseirbhís seo
- Tabharfaidh an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta tacaíocht duit agus tú ag lorg fostaíochta nó athfhostú

Cad a dhéanann Intreo duit

1. Soláthraíonn sé tacaíocht ioncaim duit agus tú ag cuardach poist.
2. Cuidíonn sé leat neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach trí chuidiú leat post a fháil, nó gnó a thosú.
3. Soláthraíonn sé aon tacaíochtaí ioncaim ábhartha duit nuair a fhaigheann tú fostaíocht nó féinfhostaíocht.

Intreo Partner

Coinníollacha d'Íocaíochta Cuardaitheora Poist

1. Ní mór duit a bheith ar fáil le haghaidh oibre lánaimseartha agus á lorg i ndáiríre.
2. Ní mór duit freisin leas a bhaint as seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthraíonn an RCS duit agus tú ag cuardach obair lánaimseartha.
3. Ar cheann de na tacaíochtaí sin tá an tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta Comhpháirtí Intreo agus tá rannpháirtíocht inti éigeantach.

Intreo Partner

Obair Pháirtaimseartha agus Mic Léinn Páirtaimseartha

- Más oibrí páirtaimseartha thú ba chóir duit do phatrún oibre a chur in iúl do do Chomhairleoir Fostaíochta chun do cheapacháin a sceidealú chun tiomantais oibre a chur san áireamh.

- Má tá tú rannpháirteach faoi láthair le ceann de na Scéimeanna Oideachais Páirtaimseartha e.g. Springboard Páirtaimseartha, ba chóir duit do Chomhairleoir Fostaíochta a chur ar an eolas faoi aon cheangaltais cúrsa nuair a bhíonn coinní á socrú agat. Ní mór duit leanúint de bheith i dteagmháil leis an tseirbhís.

Intreo Partner

Oibrithe Féinfhostaithe

- Má tá tú féinfhostaithe faoi láthair ach ag obair ar bhonn páirtaimseartha, ba chóir duit do Chomhairleoir Fostaíochta a chur ar an eolas maidir le do phatrún oibre chun do cheapacháin a sceidealú chun tiomantais oibre a chur san áireamh.

- Má tá tú féinfhostaithe faoi láthair agus ag obair ar bhonn lánaimseartha agus mar sin, nach bhfuil tú in ann a bheith rannpháirteach, ba cheart duit d'oifig áitiúil Intreo a chur ar an eolas agus athbhreithniú a sceidealú ar d'íocaíocht Cuardaitheora Poist.

SNF agus Scéimeanna Fostaíochta Pobail

- Féadfaidh daoine a bhaineann leas as an tseirbhís seo páirt a ghlacadh freisin i scéimeanna Fostaíochta Pobail (CE) nó Tús atá ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.
- Ní mór duit leanúint ag obair leis an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta chun fostaíocht lánaimseartha inbhuanaithe a aimsiú agus beidh sé mar choinníoll chun dul i mbun an tsocrúcháin oibre a gheallann tú leanúint de bheith ag obair le NES.
- Má tá tairiscint socraithe agat cheana féin ar scéim déan teagmháil le do sheirbhís áitiúil Intreo chun comhairle a fháil.

Do chuid Sonraí

- Feidhmíonn Seetec an tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta Comhpháirtí Intreo faoi chonradh leis an RCS
- Soláthraíonn Seetec an tseirbhís de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- Tá Seetec faoi réir Rialacháin Ghinearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) freisin.
- Tá an Roinn ag gníomhú de réir na bprionsabal maidir le Cosaint Sonraí agus do shonraí á roinnt le Seetec ar mhaithe le seirbhís fostaíochta a sholáthar duit

Intreo Partner

Do chuid Oibleagáidí

- Ní mór duit freastal ar do choinní sceidealaithe agus dul i dteagmháil le Seirbhís Fostaíochta Náisiúnta Comhpháirtí Intreo
- Mura ndéanann tú amhlaidh d'fhéadfadh go gcaillfí do theidlíocht ar íocaíocht Cuardaitheora Poist
- Ní mór duit do Intreo áitiúil a chur ar an eolas faoi aon athrú ar do chúinsí i gcomhdhéanamh do theaghlaigh, d'ioncam, do stádas fostaíochta, d'infhaighteacht chun oibre nó d'fheidhmiúlacht chun oibre. D'fhéadfadh méadú nó laghdú ar thacaíocht do chuardaitheora poist a bheith mar thoradh ar athruithe dá leithéid.

Tacaíochtaí in-obair



Intreo Partner

Guíonn Intreo gach rath ort ar do thuras sa tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta

Cuireann Seetec fáilte romhat chuig an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta

An Roinn Coimirce Sóisialaí | An Roinn Coimirce Sóisialaí

Do thuras NES

Do Chomhairleoir Fostaíochta - ag tacú leat chun do spriocanna a bhaint amach

Do Phlean Dul Chun Cinn Pearsanta - nuashonraithe le linn do chuid ama ar an tseirbhís

Cabhair le do CV - oibreoimid leat chun do CV agus do scileanna cuardaigh fostaíochta a fheabhsú

Táillí - Aisíocaimid costais taistil le haghaidh coinní sceidealaithe. Is ar an modh is saoire a íocfar na costais taistil seo de ghnáth, agus beidh gá le hadmhálacha. Mura bhfuil iompar poiblí ar fáil, féadfar míleáiste feithicle a íoc.
Mura gcuirtear éilimh isteach laistigh de thrí mhí ó na turais d'fhéadfadh neamhíocaíocht costas a bheith mar thoradh air.

Intreo Partner

Do thuras NES

Acmhainní Ar Líne - cabhróidh do Chomhairleoir Fostaíochta leat rochtain a fháil

D'fhoireann Seirbhísí Fostóirí -cuirfidh d'fhoireann seribhísí fostóirí comhairle ort faoi róil a bhféadfadh spéis a bheith agat iontu

Do Phlean um Fhilleadh ar Obair - is féidir linn tacú leat le roinnt costas um fhilleadh ar an obair mar éadaí oibre, éidí nó costais taistil tosaigh

Tacaíocht leanúnach - coinneoimid i dteagmháil leat agus tú i mbun oibre

Do chuid faisnéise pearsanta

Glacaimid go han-dáiríre le slándáil do chuid faisnéise pearsanta agus de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).
Tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm againn chun an fhaisnéis seo a chosaint i gcónaí.
Féadfaimid do chuid faisnéise a bhaineann le fostaíocht a chur ar aghaidh chuig cuideachtaí dlisteanacha maidir lenár dtiomantas cabhrú leat fostaíocht lánaimseartha a fháil.

Meas Frithpháirteach

Ceann de na príomhluachanna atá againn ná meas frithpháirteach. Beimid cúirtéiseach i gcónaí, toilteanach cabhrú leat, agus meas a bheith againn ort.
Mar chúiteamh air sin, táimid ag súil go mbeidh tú cúirtéiseach, agus go mbeidh meas agat ar ár gcomhghleacaithe, ar chliaint eile atá ag freastal ar ár seirbhísí agus ar ár bhfostóirí.

Éistimid

Caithimid go cothrom le gach cliant agus mar dhuine aonair. Má bhraitheann tú riamh nach bhfuil sé seo amhlaidh, cuir in iúl dúinn le do thoil.
Má tá aon imní nó ceisteanna agat ba mhaith linn iad a chloisteáil mar sin cuir in iúl iad le do Chomhairleoir Fostaíochta nó lena mBainisteoir.
Mura réitítear aon cheist chun do shástachta, cuir d'ábhair imní i scríbhinn chuig:
Ionad Tacaíochta Seirbhíse, Seetec Fostaíocht agus Scileanna Éireann, 2ú Urlár Forbairt Cois Abhann, Sráidbhaile Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15
nó seol ríomhphost chuig complaints@seetec.ie

Comhionannas agus éagsúlacht

Mar do sholáthraí seirbhíse Comhpháirtí Intreo, is mór againn na héagsúlachtaí agus na láidreachtaí atá ag gach duine – ag caitheamh go cothrom le gach duine chun an poitéinseal a bhaineann leis an éagsúlacht a uasmhéadú.

Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine oibriú agus foghlaim gan idirdhealú. Má tá ciapadh nó leatrom á dhéanamh ort féin, nó ar na daoine mórthimpeall ort – TUAIRISCIGH É.

Intreo Partner

Cuir ceisteanna ar bith le do Chomhairleoir Fostaíochta le do thoil

Go raibh maith agat
Thank you

Intreo
Partner